

# OIFIG AN OMBUDSMAN PINSEAN-TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

## **CLÁR ÁBHAIR**

<b>BROLLACH</b>	<i>Leathanach 2</i>
<b>RANNÁN 1- Réamhrá</b>	<i>Leathanach 4</i>
<b>RANNÁN 2 - Cuntas Achoimre ar Obair na Bliana 2010</b>	<i>Leathanach 7</i>
<i>Cásanna a Tháinig</i>	<i>Leathanach 7</i>
<i>Cásanna a ndearnadh Cinneadh Críochnaitheac leith nó aRéitíodh faoi Eadráin</i>	<i>Leathanach 8</i>
<i>Faisnéis</i>	<i>Leathanach 9</i>
<i>Cairt Custaiméara</i>	<i>Leathanach 10</i>
<i>Bearta Bolscaireachta</i>	<i>Leathanach 10</i>
<i>Caidreamh le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta</i>	<i>Leathanach 12</i>
<i>Athruithe Reachtacha agus Cúrsaí Dlí</i>	<i>Leathanach 12</i>
<i>Meabhráin Tuisceana</i>	<i>Leathanach 14</i>
<i>Áisiúlacht agus Léire don Phobal</i>	<i>Leathanach 14</i>
<i>Oiliúint &amp; Forbairt</i>	<i>Leathanach 15</i>
<i>Soláthar Foirme</i>	<i>Leathanach 15</i>
<b>RANNÁN 3 – Achoimre agus Staitisticí le Riar Cásanna 2010</b>	<i>Leathanach 16</i>
<i>Achoimre le Riar Cásanna</i>	<i>Leathanach 16</i>
<i>Anailís ar Chásanna Gearáin a Dúnadh i 2010</i>	<i>Leathanach 17</i>
<i>Staitisticí Ginearálta</i>	<i>Leathanach 21</i>
<i>Achoimre ar Shreabhadh Oibre</i>	<i>Leathanach 22</i>
<b>RANNÁN 4 – A bhfuil Foghlamtha againn</b>	<i>Leathanach 23</i>
<i>Riarachán Pinsean Seirbhíse Poiblí</i>	<i>Leathanach 23</i>
<i>Nós imeachta maidir le Réiteach Inmheánach ar Aighnis (RIA)</i>	<i>Leathanach 25</i>
<i>Fáil ar Chomhaltas i Scéim/Ranníocaíochtaí gan bheith Curtha ar aghaidh</i>	<i>Leathanach 25</i>
<i>Infheistíocht</i>	<i>Leathanach 26</i>
<i>Lón Teagaisc ó na Gearáin</i>	<i>Leathanach 27</i>
<b>RANNÁN 5 - Conclúidí</b>	<i>Leathanach 28</i>
<b>RANNÁN 6 – Cuntais Airgeadais</b>	<i>Leathanach 30</i>
<b>Aguisíní</b>	
<i>Aguisín 1 - Cén Chaoi a Láimhseáiltear Gearán de Ghnáth</i>	<i>Leathanach 31</i>
<i>Aguisín 2 - Achoimre agus Anailís ar Chásanna Gearáin i 2010</i>	<i>Leathanach 32</i>
<i>Aguisín 3 - Cineál na nGearáin i 2009 agus i 2010</i>	<i>Leathanach 33</i>
<i>Aguisín 4 – Miondealú de réir Láithreach ar Ghearáin i 2009 agus i 2010</i>	<i>Leathanach 34</i>
<i>Aguisín 5 – Cásanna Gearáin in aghaidh na Míosa a tháinig i 2009 agus i 2010</i>	<i>Leathanach 35</i>
<i>Aguisín 6 - Reachtaíocht Rialaithe</i>	<i>Leathanach 36</i>
<i>Aguisín 7 – Foilseacháin Reatha na hOifige</i>	<i>Leathanach 37</i>
<i>Aguisín 8 – Foireann Oifig an Ombudsman Pinsean ag deireadh 2010</i>	<i>Leathanach 38</i>
<i>Aguisín 9 - Ráitis Airgeadais</i>	<i>Leathanach 39</i>

## BROLLACH

A Aire,

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2010, an seachtú bliain iomlán i mbun feidhme ag Oifig an Ombudsman Pinsean, a chur faoi do bhráid.

Tá obair na hOifige ag dul ar aghaidh go síoraí agus á cur chun cinn agus tá líon na ngearán nua a taifeadadh i 2010 titithe siar ó ardleibhéal na bliana 2009.

Déantar mionanailís ar riar cásanna sa bhliain i Rannán 3. Rud nach léir ó na figiúirí áfach is ea líon mór na bhfiosruithe agus na n-iarratas neamhfhoirmeálta ar fhaisnéis agus ar shoiléiriú a fhaigheann an Oifig ó bhail an phobail i gcoitinne. Ní shin a rá gur gearáin shainráite maidir le ceisteanna sonracha atá iontu ach buairt, neamhshuaimhneas agus éiginnteacht maidir le sochair phinsin á gcur in iúl ag daoine. Sa chuid is mó de chásanna bíonn comhaltaí ag lorg soiléiriú maidir lena gcearta agus lena dteidlíochtaí i gcomhthéacs imthosca athraitheacha a scéimeanna pinsin, sin nó míniú ar chumarsáid éigean nach intuigthe dóibh a impleachtaí.

Ar an drochuair d'fhág an cúlú leanúnach ar an ngeilleagar i 2010 gur cailleadh postanna agus gur dúnadh cuideachtaí agus cuireadh críoch le scéimeanna pinsin dá réir. Foirceannadh nó athraíodh go leor scéimeanna sochair shainmhínithe mar gheall ar easnaimh a d'eascair as tearcfheidhmíocht infheistíochta agus as tosca eile. Ba chúis bhuartha d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí an tionchar a bheadh ag an tobhach pinsin “pension levy” nó ag laghdú tuarastail ar a gcuid pinsean maille le himpleachtaí na gclár luathscoir éagsúla a cuireadh i bhfeidhm i 2010. Chuir pinsinéirí Seirbhíse Poiblí a bhí ag tabhairt aghaidh ar laghdú ar íocaíochtaí a gcuid bhuarthaí in iúl freisin.

Tháinig fiosruithe chuig an Oifig maidir le gach ceann de na hábhair bhuartha sin. Cé go ndúirt mé cheana nach mbaineann fiosruithe dá leithéid le sainchúram na hOifige ó cheart, admhaím go bhféadfadh sé go rachadh sé rite ar chomhaltaí scéimeanna pinsin an tacaíocht a mbeadh súil acu léi ó fhostóirí/riarthóirí a fháil uathu, nó go n-imeodh muinín na bpáirtithe as a chéile. Maidir le freagairt na hOifige d'fhiosruithe dá leithéid tig linn dearcadh neamhchlaonta, treoir agus soiléiriú a sholáthar maidir le teidlíochtaí comhaltaí agus maidir leis na ceangail atá ar an iontaobhaí agus ar an bhfostóir agus léiriú a dhéanamh ar cad iad na gnáthnósanna imeachta is inleanta in imthosca faoi leith. Oiread na héiginnteachta atá i réim i láthair na huair curtha san áireamh creidim gur seirbhís luachmhar atá ansin agus éifeacht aici chun líon na ngearán foirmeálta a chuirtear chuig an Oifig a laghdú.

Níl aon amhras ach go n-eascraíonn go leor gearán agus fiosruithe as an drochchumarsáid nó as cumarsáid uireasach. Ba cheart go ndéanfadh an lucht atá freagrach as scéimeanna pinsin a riar sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha iarracht a bheith éifeachtach, soiléir agus sothuigthe i mbun

cumarsáide agus go dtabharfaidís deis do chomhaltaí na fadhbanna agus na buarthaí a bhíonn acu a phlé. Ag an am céanna aithním go mbíonn riarthóirí scéimeanna pinsin faoi bhrú agus go mbíonn acmhainní de dhíth orthu.

Tá rannán Ceisteanna Coitianta “Frequently Asked Questions” curtha ar fáil ar an suíomh idirlín d’fhonn eolas agus tuiscint daoine ar chúrsaí pinsin a threisiú. Fuarthas 900,000 amas "hits" ar an suíomh idirlín i 2010 --- [www.pensionsombudsman.ie](http://www.pensionsombudsman.ie) --- agus creidim go raibh go leor acu sin dírithe ar an rannán faisnéiseach sin.

Tráchtfar níos faide anonn sa tuarascáil seo ar na fáthanna a bhí leis na gearáin a tháinig agus ar an lón teagaisc atá le baint astu. Ba léir roinnt ceisteanna a theacht chun cinn ón obair ar chásanna arís i mbliana agus tá siadsan curtha faoi bhráid an Bhoird Phinsean, an Rialtóra Airgeadais nó an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais de réir mar is cuí. Is mian liom a lua gur mór agam féin agus ag foireann na hOifige an comhoibriú leanúnach a bhíonn idir an Oifig seo agus na heagraíochtaí sin, agus é de chuspóir leis an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil dóibh siúd a bhaineann úsáid as seirbhísí airgeadais.

Is mian liom buíochas a ghabháil leat féin, a Aire, mar gheall ar an gcúnamh taca a thug tú féin agus iadsan a chuaigh romhat dom féin go pearsanta agus d’obair na hOifige. Is mór agam go háirithe an chabhair agus an taca a fuarthas ó fhoireann na Roinne agat – ón Aonad Polasaí Pinsin, a mbíonn caidreamh leanúnach agam leo, agus ó na Rannóga maidir le cúrsaí Pearsanra, Cuntas, Seirbhísí IS agus Bainistíocht Áiseanna freisin. Is de bharr an chúnamh thaca sin a bhfuilimid in ann acmhainní a chur chun fónaimh an áit is mó a bhfuil gá leo – imscrúdú na ngearán. Tá mé buíoch chomh maith as an gcúnamh a tugadh don Oifig le linn imscrúduithe, go háirithe ón Rannóg Scóipe agus ó Sheirbhísí Aitheantas Cliaint, ar cúnamh é uile a thugtar de mheon a léirítear meas iomlán ar neamhspleáchas na hOifige seo.

Foilsítear, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, Achoimre Cásanna leis an tuarascáil seo. Bítear ag súil go mbeidh tairbhe as sin acu siúd a bhíonn ag riar pleananna agus ag plé le gearáin, acu siúd atá ag smaoineamh ar ghearán a dhéanamh agus acu siúd a chuireann comhairle orthu. Leantar den nós ainmneacha na ngearánaithe agus na bhfreagróirí a choinneáil siar ar mhaithe le cosaint don phríobháideacht. Sa chás gur údarás poiblí atá i gceist, ní i gcónaí is féidir an freagróir a cheilt ó d’fhéadfadh gur léir é ón gcomhthéacs agus ón obair a bhíonn ar siúl ag an ngearánaí.

Ar deireadh thiar glacaim buíochas le Joe Timbs, Stiúrthóir, leis na himscrúdaitheoirí Joan Bray, Caitriona Collins, Ciaran Creagh agus John Sheehan, le Joe Dempsey, Bainisteoir Oifige, le Michelle O’Keeffe, Tacaíocht Imscrúdaithe agus le Darina Breen agus Colette Coghlan, Cúntóirí Riaracháin as a dtiomantas, as a ndúthracht agus as an dícheall a rinneadar.

Beir beannacht,  
Paul Kenny

## RANNÁN 1- RÉAMHRÁ

Is é ról na hOifige seo fiosrúchán agus cinneadh a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin maidir le scéimeanna pinsean ceirde, le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) agus le Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais, ina bhfuil míriarachán agus caillteanas airgid i gceist agus le haighnis fíorais nó dlí agus sásamh a ordú más cuí. Bíonn de ról ag an Oifig chomh maith lón eolais óna dtugaimid faoi deara i mbun na hoibre dúinn a chur faoi bhráid lucht ceaptha polasaí ionas go gcuirtear athruithe riachtanacha inmhianta ar chórais riaracháin de réir mar is féidir.

Ba bhliain chrua í 2010 maidir le pinsin agus is treocht leanúnach é sin. Tá iarmhairt na titime as a chéile sa mhargadh infheistíochta fós le sonrú sa riocht easnamhach ina bhfuil go leor de na scéimeanna sochair shainithe agus sna fadhbanna maidir le leordhóthaineacht a bhaineann le scéimeanna ranníoca sainithe.

An chéad fhadhb a thagann chun cinn i gcás go n-eascraíonn riocht easnamhach i gcomhthéacs scéim sochair shainithe is ea go gcuirtear srianadh ar íocaíocht sochar luathscoir nó ar íocaíocht sochair lánroghnacha eile. Ar ndóigh d'fhéadfadh tionchar chun donais bheith aige sin ar phleananna scoir roinnt comhaltaí a rinneadh i gcomhthéacs gealltanais sochair luathscoir a íoc a tugadh ní ba luaithe tráth a raibh an scéim sócmhainneach. Comhaltaí scéime amach sna blianta tráth a rachadh an iomarcaíocht i bhfeidhm orthu bheadh a roghanna siúd srianta chomh maith. Ní féidir maith a dhéanamh de na gealltanais maidir le sochair luathscoir a íoc nuair a bhíonn an scéim i riocht easnamhach mura bhfuil an fostaí sásta breis maoinithe a chur isteach sa scéim.

San iarracht riocht easnamhach i ndáil le scéim sochair shainithe a chur ina cheart beifear ag smaoineamh ar leigheasanna éagsúla ar a n-áirítear méadú ar ranníocaíochta, laghdú ar scálaí sochair, srian ar chomhaltaí nua sa todhchaí, nó an scéim a leasú sa chaoi is go mbeidh cruth scéim ranníoca sainithe nó croschineálach uirthi. Mura bhfaighfear réiteach inoibrithe ar fhadhb an easnaimh níorbh fholáir an scéim a chalcadh nó, rud ba dhóighiúla í a fhoirceannadh. Ní dea-scéal aon cheann de na léiriúcháin sin do chomhaltaí na scéime agus is mó is fíor sin dóibh siúd atá ag druidim i ngaireacht na haoise scoir.

Tuigtear do na comhaltaí agus go mbeadh mórghuairt orthu nuair a fhaigheann siad an scéala go bhfuil an scéim pinsin acu i riocht easnamhach agus go mbeidh éiginnteacht ag baint léi sa todhchaí. Rud a chuireann leis an mbuairt sin go minic is ea drochleibhéal na cumarsáide – nó cumarsáid ar bith ar fiú an t-ainm i roinnt cásanna – idir údaráis na scéime agus na comhaltaí. Cuireann go leor comhaltaí na buarthaí sin in iúl don Oifig seo. Ní hamháin go raibh méadú ar na cásanna gearáin foirmeálta a tháinig chuig an Oifig ar an topaic seo (22 i 2010 i gcomparáid le 14 i 2009), ach bhí méadú mór freisin ar na fiosruithe a tháinig isteach ar ghutháin nó le ríomhphost i 2010 mar gheall ar bhuarthaí dá leithéid.

Impím orthu siúd a riarann na scéimeanna sin féachaint chuig caighdeán na cumarsáide leis na comhaltaí a fheabhsú agus oiread ama a thabhairt dóibh is is féidir a thabhairt le réasún tráth a ndéantar na scéimeanna a fhoirceannadh, agus a mheabhrú go bhfuil na comhaltaí ag déileáil ní hamháin le cailliúint jabanna ach le deireadh scéimeanna pinsin chomh maith.

Tagann go leor gearáin i gcónaí maidir le saincheisteanna infheistíochta a bhaineann le Scéimeanna Ranníoca Sainithe ar a n-áirítear Scéimeanna um Ranníocaíochta Deonacha Breise (RDB) agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna). Tá sé ráite agam cheana nach mór do na hIontaobhaithe na hoibleagáidí a chuireann dlí iontaobhais agus Achtanna na bPinsean orthu a chomhlíonadh ach bíonn oibleagáidí ar chomhaltaí scéimeanna freisin maidir lena n-infheistíochtaí pinsin. De thoradh tearcfheidhmíochta na margaí infheistíochta le blianta beaga anuas bhí laghdú ar luach cistí maidir le go leor comhaltaí scéime. Luíonn sé le nádúr an duine go n-iarrtar an milleán a leagan ar dhuine éigin eile i gcás ídiú den tsórt sin. Cé go bhfuil cead a gcinn ag comhaltaí dul ag iarraidh teorach ó Iontaobhaithe nó ó chomhairleoirí infheistíochta maidir le hinfeistíochtaí pinsin tá sé de fhreagracht orthu freisin eolas agus tuiscint mhaith a fháil ar chineál na n-infheistíochtaí pinsin atá acu agus súil a choinneáil ar conas atá ag éirí leo. Cuireann go leor soláthraithe faisnéis chuimsitheach ar fáil anois ar an Idirlíon nó in áiteanna nach é. Is ábhar machnaimh é sin go háirithe do chomhaltaí atá ag dul in aois agus ar mhian leo na cistí atá carntha acu a chumhdach le linn dóibh druidim le haois an scoir. Ón taithí atá againn san Oifig is iad an droch-chumarsáid agus an easpa tuisceana is bunchúis go minic leis na deacrachtaí a bhíonn ag comhaltaí le hinfeistíochtaí pinsin.

Cuirtear roinnt gearán maidir le hinfeistíocht ar aghaidh go dtí Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais tar éis do na hOifigí againn imscrúdú agus comhairliúchán a dhéanamh roimh ré chun ceist dlínse a réiteach. Go ginearálta, is cuid de shainchúram na hOifige déileáil le gearáin maidir le cliseadh gníomhú de réir teagaise nó maidir le hinfeistíocht chuí a dhéanamh ach b'fhéidir gur faoi Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais a bheadh sé gearáin faoi chomhairle infheistíochta nó faoi iompar comhairleoirí airgeadais a ghníomhaíonn mar idirghabhálaithe a bhreithniú.

Tagann méid mór gearán agus fiosruithe chuig an Oifig go leanúnach ó fhostaithe sa tionscal tógála. Próiseálann na gníomhaireachtaí monatóireachta CIMA agus EPACE lear mór eile de chásanna tríd an gCúirt Oibreachais agus tá an Bord Pinsean ag dul sa tóir ar fhostóirí a bhain ranníocaíochtaí ó fhostóirí gan iad a chur ar aghaidh chuig an Scéim, rud atá in aghaidh an dlí.

Baineann a bhformhór mhór de na gearáin sin le neamhíocaíocht ranníocaíochta scéim pinsin. Ar an drochuair áfach oibríonn dul i léig cuid mhaith de na gnóthais tógála maille le drochstaid thionscal na tógála in Éirinn i láthair a huaire in aghaidh chás an ghearánaithe den chuid is mó. In go leor cásanna bíonn na fostaithe aineolach ar thrioblóid le ranníocaíochtaí pinsin go dtí go gcailleann siad a gcuid jabanna agus d'fhéadfadh go mbeadh an fostóir éirithe as bheith ag trádáil faoin am sin nó

go mbeadh an gnó aige faoi leachtú. Ar ndóigh más amhlaidh go bhfuil an fostóir éirithe as bheith ag trádáil is deacra fós ranníocaíochta scéim pinsin neamhíochta a chúiteamh nó ceist teidlíochta an chomhalta a réiteach.

Bhí fadhbanna leanúnacha ann cheana leis an lucht riartha in go leor de na Scéimeanna Seirbhíse Poiblí agus cuireadh tuilleadh donais ar an scéal i 2010 nuair a tugadh isteach scéimeanna luathscoir dreasaithe éagsúla.

Bhí sé ag dul rite go maith leis na Rannóga Aoisliuntais cheana ach má bhí féin chuir cur i bhfeidhm scéimeanna dá leithéid ualach ollmhór breise anuas orthu; is beag foláireamh a fuair siad maidir leis na scéimeanna sin agus níor cuireadh aon bhreis foirne chucu le cabhair a thabhairt dóibh déileáil le hollmhéid na hoibre a d'eascair as na scéimeanna. De thoradh na scéimeanna tháinig go leor fiosruithe chuig an Oifig ó chomhaltaí a bhí ag lorg soiléiriú maidir lena dtéarmaí agus lena n-impleachtaí agus a bhí ag iarraidh a gcuid teidlíochtaí a fhíorú.

Dealraíonn sé áfach nach ndearna na scéimeanna luathscoir dreasaithe ach mearbhall a chur ar na Rannóga Aoisliuntais agus ar an lucht luathscoir ionchasaigh. Dealraíonn sé freisin go raibh drochthionchar ag na scéimeanna ar chomhaltaí a bhí ag druidim leis na gnáthdhátaí scoir sa mhéid is gur cuireadh riarachán cúrsaí scoir a bhain leo ar leataobh in go leor cásanna ar feadh thréimhse na scéimeanna luathscoir dreasaithe. Ba ainneoin de ghnáth a mhoille a bhí íocaíocht an sochair scoir faoi roinnt de na Scéimeanna Seirbhíse Poiblí ach ba mhoille fós anois í i gcás a leithéidí de chomhaltaí. Scríobh gearánaithe go raibh orthu iasachtaí a fháil toisc go bhfuair siad a gcuid aiscí agus phinsean roinnt míonna ní ba dhéanaí ná an dáta a d'éirigh siad as.

Níorbh fholáir cuimse léiriúchán a ullmhú taobh istigh d'achar an-ghéarr ama mar gheall ar na spriodhataí a fhorchuirtear i dtaca le roinnt scéimeanna luathscoir; luíonn sé le nádúr na scéimeanna sin gur mó go mór líon na mball foirne a iarann faisnéise ná an líon a chinneann ar luathscoir a ghlacadh ar deireadh thiar. Impím ar Ghníomhaireachtaí nó ar Chomhlachtaí na Seirbhíse Poiblí, go gceadóidh siad, tráth a dtugann siad isteach scéim luathscoir, creat ama réasúnach lena cur i bhfeidhm agus go gcuirfidh siad próisis ar fáil chun déileáil leis an mbreis mhór oibre a bheidh ann dá toradh i Rannóg an Aoisliuntais agus i Rannóg na nAcmhainní Daonna.

## RANNÁN 2 – CUNTAS ACHOIMRE AR OBAIR NA BLIANA 2010

### *Cásanna a Tháinig*

Tháinig 1,312 cás nua chuig an Oifig i 2010; tháinig 1,766 i 2009, an méid ba mhó riamh. Ba fhaoiseamh é sin i bhfianaise an mhéadaithe as cuimse ar líon na gcásanna ó 2007 ar aghaidh ach fós féin ba ardú de 27% é i gcomórtas leis an líon i 2008. Osclaíodh comhaid ghearáin mhionsonraithe maidir le 558 de na cásanna nua i 2010 agus dhéileáil an Oifige leis an gcuid eile díobh mar fhiosrúcháin in achar ama sách gearr.

Bhí 398 comhad gearáin fós oscailte ag tús na bliana 2010 agus ag a deireadh bhí 428 idir lámha. Tá anailís mhionsonraithe ar riar cásanna sa chéad Rannán eile den tuarascáil seo.

Níor mhiste machnamh a dhéanamh ar cén fáth go bhfuil méadú ar na cásanna idir lámha nuair atá laghdú ar na cásanna nua isteach. Bíonn roinnt mhaith de na cineálacha gearáin a mbímid ag déileáil leo sách casta ó nádúr agus caitear an-chuid ama leo ag malartú eolais agus ag soiléiriú doiciméadú. Is den tábhacht go rachfaí go mion sna sonraí agus go ndéanfaí anailís chruinn chun a chinntiú go bhfuil an baol go gcealófaí aon Cinneadh Críochnaitheach a dhéanfaidh mé chomh beag agus is féidir. Is innéacs fóinteach é líon na gcásanna ag aon am amháin ach bíonn tionchar mór ar an uimhir sin ag éagsúlacht chineálacha na ngearán agus ag fad na tréimhse a chaitear leis an imscrúdú. Is ann don éagsúlacht sin ach fiú má tá is feasach dom dhá thosca eile a chuidigh go mór leis an méadú ar líon na gcásanna beo ag deireadh na bliana.

Ar an gcéad dul síos cuireadh cuimse ghlaonna chuig an Oifig mar gheall ar thabhairt isteach thobhach pinsin na seirbhíse poiblí agus mar gheall ar an laghdú ar phinsin seirbhíse poiblí. Cé nach mbaineann ceachtar den dá chás sin le mo shainchúram, níor mhaith an mhaise do cháil na Oifige é daoine a chur ó dhoras leis na focail "ní bhaineann sin liomsa". Bhí a ndóthain ag cur brú ar dhaoine cheana féin. Níor mhór dúinn am a chaitheamh ag míniú le daoine nach mbain an tobhach pinsin mar a ghlaitear air le cúrsaí pinsin ó cheart ach gur ciorrú pá a bhí ann iarbhír. Chruthaigh an laghdú ar na pinsin a bhíodhas a íoc raic den chineál céanna; glaodh isteach agus dúradh nach raibh ciorruithe ar phinsin a bhí á n-íoc ceadaithe faoi Acht na bPinsean, rud a bhí go hiomlán ceart. Níor mhór dúinn a mhíniú áfach gur ritheadh reachtaíocht tríd an Oireachtas a chuirfeadh de leataobh forálacha Acht na bPinsean agus a dhéanfadh an laghdú ar an bpinsean dleathach. Chuir an fhoireann an ghnáthobair imscrúdaithe i leataobh go pointe áirithe chun déileáil leis na ceisteanna sin.

Dá mba mhall a bhí sé freagairt a fháil ar cheisteanna cheana féin go háirithe san earnáil phoiblí cuireadh tuilleadh moille ar chúrsaí nuair a tugadh isteach na scéimeanna luathscoir dreasaithe éagsúla. Níorbh iad na Rannóga Aoisliúntais san earnáil phoiblí na freagróirí ba sciobtha go n-uige sin ach anois bhí siad ionann is báite i bhfiosruithe agus in iarratais ar luathscoir nárbh fholáir dóibh déileáil leo.

Bhí ualach mór oibre cheana féin ar na Rannóga Aoisliúntais i FSS agus anuas air sin anois tháinig dhá scéim laghdú foirne: Scéim Luathscoir Dheonaigh agus Scéim Iomarcaíochta Deonaí (SID); bhí creat ama sách gearr ceaptha don cheann dara luaite le haghaidh measúnaithe, iarratais agus ceadaithe. Ó tharla dhá scéim éagsúla bheith san imirt agus toisc gur ghá dhá shraith áireamh a chur ar fáil le haghaidh iarratasóirí SID (measúnú ar shochair iníoctha ar teacht i bhfeidhm na hiomarcaíochta agus measúnú ar shochair chaomhnaithe ar teacht chuig an aois scoir) níorbh fholáir 17,000 measúnú a ullmhú. Tuigtear dom cé gur iarr ábhairín níos lú ná 4,000 duine measúnú agus áirimh mhionsonraithe nár fhág ach beagán os cionn 2,000 an tseirbhís phoiblí faoi na scéimeanna. Dá thoradh sin chomh fada is a bhain sé leis na Rannóga Aoisliúntais bhí orthu 8.5 measúnú mionsonraithe a ullmhú in aghaidh gach duine a d'fhág an tseirbhís phoiblí ar deireadh thiar. Mar a luaigh mé cheana is réimse casta é réimse an riaracháin phinsin agus ní féidir daoine atá neamhthaithe air a sheoladh isteach ann ar feadh cúpla mí chun déileáil le himthosca den tsórt sin. Iarmhairt amháin na himthosca sin is cosúil, agus iarmhairt chun donais, ba ea gur fágadh i leataobh na gnáthiarratais scoir. Tá sé ráite linn nach raibh altraí mar shampla ag súil leis go réiteofaí a gcuid sochair ar feadh tréimhse thrí mhí nó níos mó i ndiaidh éirí as obair dóibh. Ar an dóigh chéanna bhíothas mall ag freagairt do cheisteanna a chuir an Oifig seo, ar féidir gur ceisteanna casta a bhí iontu, rud a d'fhág go ndeachaigh sé i bhfad sula rabhamar in ann críoch a chur le cásanna a cuireadh chugainn.

### ***Cásanna ar eisíodh Cinneadh Críochnaitheach ina leith nó a Réitíodh faoi Eadráin***

Eisíodh 74 Cinneadh Chríochnaitheacha faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean, 1990 (arna leasú) i 2010. Astu sin seasadh go hiomlán nó i bpáirt leis an ngearán i 27 cás agus dícheadaíodh na 47 cás eile. Tá anailís níos mine air sin i Rannán 3.

Má shílímse é bheith tairbhiúil eiseoidh mé Réamhbhreith nó Fógra Cinnidh chun tosaigh ar Chinneadh Críochnaitheach. Leagfar amach ann na fíricí príomha bunaithe ar an imscrúdú atá déanta go dtí sin maille leis an gcinneadh is dócha a dhéanfaidh mé bunaithe ar na fíricí sin. Tabharfaidh sin deis dheireanach don ghearánaí agus don fhreagróir araon gnéithe an imscrúdaithe a shoiléiriú agus aon fhianaise nó tuairimí breise a chur faoi mo bhráid sula ndéanfaidh mé an Cinneadh Críochnaitheach. Oibríonn an próiseas sin go maith ach cuireann sé go mór leis an tréimhse ama iomlán roimh an gCinneadh Críochnaitheach. Chuaigh sé go mór chun tairbhe i gcás a ndearnadh achomharc faoi san Ard-Chúirt. I bhformhór mhór na gcásanna áfach éiríonn na fíricí níos soiléire i gcúrsa an imscrúdaithe agus théim go díreach chuig an gCinneadh Críochnaitheach.



Réitíodh 146 cás trí eadráin i rith na bliana, bhí an toradh i bhfabhar an ghearánaí i 103 nó i 73% acu sin. I 2009 réitíodh 77% de na cásanna i bhfabhar an ghearánaí. Mar a luaigh mé níos luaithe táim i bhfabhar an cur chuige faoi eadráin chun réiteach a fháil ar ghearán agus molaim go n-úsáidfí é i gcásanna iomchuí. Ceadaíonn eadráin níos mó solúbthachta agus cuirtear réiteach níos sciobtha agus níos sásúla ar fáil léi go minic ná an réiteach a dhéantar trí Chinneadh Chríochnaitheach.

### ***Faisnéis***

Mar a chuir mé in iúl níos luaithe i gcomhthéacs Tobhach Pinsin etc. caitheann na baill foirne cuid mhaith ama ag tabhairt faisnéise do dhaoine aonair sa phobal. Glaonn daoine isteach, cuireann siad ríomhphost chuig an Oifig agus tagann siad isteach ón tsráid lena gcuid bhuarthaí a phlé. B'fhéidir gur mian leo a fháil amach an gearán iarbhrí atá acu nó an í an Oifig an áit cheart chun an gearán atá sonraithe acu a dhíriú. Tá an tionscal pinsin i gcoitinne go mór trí chéile anois: scéimeanna pinsin neamh-mhaoinithe, scéimeanna pinsin dúnta nó modhnaithe etc., agus teastaíonn comhairle údarásach ó dhaoine. Cé nach bhfuilim in ann comhairle maidir leis na roghanna atá ar fáil dóibh a chur ar dhaoine is féidir liom iad a threorú chun áite a bhfaighidh siad comhairle nó is féidir liom tuairim a nochtadh maidir le cé acu atá foras ann le gearán a chur chuig an Oifig nó nach bhfuil. I 2010 taifeadadh breis is 700 glao/ríomhphost dá leithéid a rabhamar in ann treoir a thairiscint ina leith. I ndáiríre dhéileáil an Oifig le i bhfad níos mó glaonna/ríomhphost ná sin, ach de bhrí gur fiosruithe ginearálta a bhí iontu nó daoine ag cur buartha nó mearbhaill in iúl, ní fiosrúcháin iad a bhain le sainchúram na hOifige agus níor áiríodh iad ar na staitisticí a bhain le riar cásanna. Is ídiú ama é faisnéis agus treoir a sholáthar ach in ainneoin sin táim den tuairim go bhfuil sé fíorriachtanach agus táim sásta taca a thabhairt don fhoireann chun an tseirbhís luachmhar sin a chur ar fáil don phobal.

Foilsítear “Ceisteanna Coitianta” (CCanna) i rannán nua den suíomh idirlín a uasdátaítear de réir mar is gá mar iarracht faisnéis a scaipeadh d’fhonn samplaí den chineál gearáin a láimhseáiltear a sholáthar agus d’fhonn glaonna teileafóin a laghdú. Tá na CCanna roinnte ina gceithre chuid – a dhéileálann (i) leis an Oifig agus leis na próisis, (ii) le hábhar ginearálta maidir le pinsean, (iii) le saincheisteanna pinsin san earnáil phríobháideach agus (iv) le saincheisteanna pinsin san earnáil phoiblí. Tá fianaise starógach ann a thugann le tuiscint go bhfuil rannán na CCanna thar bheith úsáideach don phobal agus i bhfianaise an mhéadaithe ar amais ar an suíomh idirlín ó 628,000 i 2009 go dtí níos mó ná 912,000 i 2010 tá sin fíor.

## ***Cairt Custaiméara***

Tá cóip den Chairt Custaiméara ar shuíomh idirlín na hOifige. Is beart as an ngnáth é ach tá ceangailte agam leis an gCairt sin Ráiteas maidir le hIompar Doghlactha Gearánaithe. Foráiltear i gCairt an Chustaiméara go bhfuil sé d’aidhm ag Oifig an Ombudsman Pinsean a chinntiú go mbeidh na seirbhísí, na próisis agus na nósanna imeachta a chuirfear ar fáil ar ardchaighdeán, go mbeidh siad cothrom, soiléir agus follasach agus go gcuirfear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i gcomhréir leis an gCairt Custaiméara. Sa chás go ndéantar gearán pléifear é ar mhodh cairdiúil, béasach agus gairmiúil. Tá súil ag an Oifig go ndéanfaidh na gearánaithe amhlaidh agus níos minice ná a mhalairt is amhlaidh a bhíonn. Tá líon beag gearánaithe ann áfach a chuireann bac ar idir mheasúnú an ghearáin féin agus chumas na hOifige seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí i gcoitinne mar gheall ar an gcaoi a dtéann siad i mbun teagmhála leis an Oifig. Tuigim do ghearánaí a bhfuil gearán dlisteanach aige dar leis agus a shíleann gur thairbhiúil dó bheith dianseasmhach agus dul go mbun an angair le gearán. Uaireanta áfach is é cineál ghníomhartha agus/nó éilimh an ghearánaithe atá ina chúis bhuartha domsa agus d’fhéadfadh sé teacht salach ar an dualgas atá orm maidir le cúram foirne.

## ***Bearta Bolscaireachta***

Ós rud é gur dhéileálar le nach mór 6,000 gearán ó bunaíodh an Oifig i 2003 mheasfaí agus réasún leis gurbh fhios don phobail go bhfuilimid ar an bhfód. Deir go leor gearánaithe liom áfach nárbh fheasach dóibh go raibh seirbhísí á gcur ar fáil ag an Oifig go dtí go raibh fadhb acu lena bpinsin phearsanta féin. Ós rud é gur seirbhís saor in aisce atá ann atá maoinithe ag an gcáiníocóir tá dualgas orm a chinntiú go bhfuil a fhios ag an bpobal gur féidir leo dul i muinín na hOifige i gcás aighneas pinsin.

Dá bhrí sin déantar bolscaireacht ar son na hOifige chomh héifeachtach agus is féidir. Is léiriú é an suíomh idirlín, [www.pensionsombudsman.ie](http://www.pensionsombudsman.ie), air sin ar an gcéad ásc; beidh go leor daoine in ann a fháil amach ansin cé acu an féidir leo cabhair a fháil ón Oifig nó nach féidir. Ní gach uile dhuine atá taithíoch ar an réimse leictreonach áfach agus b’fhéidir go bhfuil go leor ann nach bhfuil fáil acu ar ríomhairí, go háirithe roinnt den tseanghlúin agus is tromlach na gcliant iadsan. D’fhonn aghaidh a thabhairt air sin déantar roinnt beag fógraíochta spriocdhírthe trí ailt agus fógraíocht a chur i bhfoilseacháin éagsúla.

Cuirtear rannáin speisialta ina ndírítear ar chúrsaí pinsin amháin isteach in go leor nuachtáin agus irisí uair nó dhó sa bhliain anois agus tapaím an deis chun ghnéfhógraíocht a chur isteach.

Scríobhtar colún go tráthrialta le haghaidh “Pensions Ireland”, foilseachán nua a tháinig in áit an tseanfhoilseacháin ‘Irish Pensions News’.

Bíonn sonraí faoin Oifig i mBliainirisí a fhoilsíonn an Foras Riaracháin agus CCPÉ (Cumann Chistí Pinsin na hÉireann) agus ar chairt phleanála Chumann Tomhaltóirí na hÉireann.

De thoisic an mhéadaithe ar líon na bhfiosruithe maidir le fadhbanna pinsin a lean as cliseadh pósta agus a tháinig chuig an Oifig i 2010 bhí cuid mhór d'fheachtas na hOifige sa mheán clóite dírithe ar an téama sin. Ba léir dom go raibh na fadhbanna á gcarnadh agus gur ghá na ceisteanna a bhain le hOrduithe um Choigeartú Pinsin (OCP) a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu má bhí an tubaiste le seachaint.

Is féidir le haon pháirtí in idirscaradh breithiúnach nó i gcolscaradh iarratas a chur isteach ar Ordú Coigeartaithe Pinsin. Is éard atá i OCP go bunúsach Ordú Cúirte d'iontaobhaithe scéim pinsin céile comhalta trína dteagashtar sochair na scéime pinsin a scaradh idir na céilí idirscartha nó colscartha. In go leor cásanna ní dhearnadh OCP ar chor ar bith d'ainneoin na tuisceana idir na páirtithe a bhí le scaradh ar cad a tharlódh sa todhchaí. Bhí cuid mhaith acu dréachtaithe go dona nó níor seirbheáladh ar na hiontaobhaithe iad nó bhí siad míshoiléir maidir le cur chun feidhme. Ar an drochuair ní thagann a leithéidí de bhotúin chun solais go dtí an am scoir nó go dtí go mbásaíonn an céile. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ródheireanach ag an am sin chun na botúin a chur ina gceart. Sin é an fáth go ndúirt mé gur chóir d'aon duine atá i mbun caibidlíochta chun idirscaradh breithiúnach nó colscaradh a bhaint amach faoi láthair teagasc a chur ar a gcomhairleoirí dlí agus airgeadais aire mhaith a thabhairt do réimse na nOrduithe Coigeartúcháin Pinsin le linn na n-imeachtaí sin. Faoin Acht um Páirtnéireacht Shibhialta is féidir le Páirtithe Sibhialta nó le Comháitritheoirí Cáilithe atá i mbun idirscartha iarratas a chur isteach ar na hOrduithe sin.

D'fhéadfadh roinnt codanna faoi leith a bheith i bpinsean, cuid acu atá iníoctha ag am scoir nó ina dhiaidh agus cuid eile atá iníoctha i gcás báis roimh scor agus ní mór go mbeadh an tOrdú Cúirte thar bheith sonrach maidir le gach ceann de na codanna. Tharlódh san earnáil phoiblí i gcásanna áirithe go mbeadh call ar orduithe a chlúdódh suas le sé cinn de theagmhais éagsúla. A luaithe na horduithe déanta ní mór iad a sheirbheáil go foirmeálta ar iontaobhaithe na scéime pinsin agus iadsan a bheith in inmhe iad a chur chun feidhme. Is féidir OCP a chur chun feidhme i gcistí pinsin éagsúla agus ní i Scéimeanna Pinsean Ceirde agus i bPleananna Pinsin Pearsanta agus i CCSPanna amháin. Feidhmítear iad i gcás bannaí ceannaigh, blianachtaí atá á n-íoc, nó polasaithe árachais téarma faoi Alt 785 chomh maith.

I 2010 rinne mé cainteanna os comhair comhlachtaí gairme nó ionadaíochas éagsúla ar a n-áirítear Cumann Chistí Pinsin na hÉireann (IAPF), an Cumann Árachais Saoil (LIA), Institiúid Bhainisteoirí Pinsin na hÉireann (IIPM), an Cumann Eacnamúil idir Éire agus an Spáinn, Fóram Pinsin an Fhorais Riaracháin, Coláiste SIPTU, IMPACT, TEEU, Comhdháil Bhliantúil Bhreithimh na Cúirte Cuarda, Cónaidhm Náisiúnta na gCumann Pinsinéirí agus Cumann Dhlí Teaghlaigh na hÉireann.

Bhí imscrúdaitheoirí na hOifige ag cothú caidrimh ar bhonn leanúnach laistigh de thionscal na bpinsean, san earnáil phobail agus san earnáil phríobháideach agus d'fhreastal siad ar roinnt cúrsaí oiliúna a chuir an tionscal ar fáil i rith na bliana. Is é mo thuairim gur mór is fiú freastal ar na cúrsaí sin, ó ghné na hoiliúna de agus ón ghné bhainistíocht faisnéise de agus toisc gur bealaí iad chun ról na hOifige a phoibliú.

### ***Caidreamh le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta***

Chomh maith leis an gcaidreamh a luaitear thuas bhí plé leanúnach agam i rith na bliana le hOifig an Ombudsman, leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus leis an mBord Pinsean. Bíonn an caidreamh idir an Oifig agus Stiúrthóireacht Tomhaltóra an Rialtóra Airgeadais agus an Roinn Coimirce Sóisialaí á choinneáil beo go seasta. Chuathas i mbun plé leis na Coimisinéirí Ioncain, leis an mBord Pinsean, leis an Ombudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe agus leis an Institiúid Bainistíochta Pinsean. I gcúrsa imscrúdúcháin na hOifige chuathas i mbun caidrimh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (a bhfuil Meabhrán Tuisceana foirmeálta sínithe agam leis), leis an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta agus leis an mBinse Comhionannais. Ba mhaith liom a chur ar thaifead go bhfuilim buíoch as comhoibriú na heagraíochtaí sin go léir.

Coinníodh beo an caidreamh le roinnt Ceardchumann, le Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála, le Gníomhaireacht Monatóirithe an Tionscail Tógála, agus le EPACE a dhéanann monatóireacht ar chomhlíontas na gComhaontuithe Fostaíochta Cláraithe maidir le Tionscal na Tógála agus le Tionscal na gConraitheoirí Leictreachais faoi seach.

Is comhalta mé d'Fheidhmeanas Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann (BIOA) agus bhí mé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre Rialachais na heagraíochta sin i gcaitheamh na bliana 2010. Measaim gur luachmhar an acmhainn don Oifig seo an obair atá á déanamh ag an gCumann sin. Ar phríomhchuspóirí an BIOA áirítear spreagadh, forbairt agus cosaint i ndáil le ról agus le teideal an Ombudsman; caighdeáin sárchleachtais a fhoirmlíú agus a chur chun cinn; cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir ar ábhair chuí a eagrú; faisnéis a fhoilsiú agus páirt a ghlacadh i ngach cineál eile beartaíochta a chuirfidh le tuiscint an phobail ar scéimeanna aitheanta Ombudsman agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht na scéimeanna sin a spreagadh.

### ***Athruithe sa Reachtáíocht agus Cúrsaí Dlí***

Tharla roinnt athruithe ar an gcreat rialaitheach i 2010 a ndearna difear don Oifig agus a raibh tionchar suntasach acu ar an bhfeidhmiúchán inti.

Mhol mé cinneadh an Aire Coimirce Sóisialaí an chumhacht dlíthiúil a thabhairt dom mo chuidse Cinntí a fhorfheidhmiú trí na Cúirteanna. Tá na Cinntí a dhéanaim ceangailteach ó thaobh dlí de ar na páirtithe uile faoi réir ag cead aomhairc chuig an Ard-Chúirt laistigh de 21 lá. Go n-uige seo má chlis ar pháirtí téarmaí Cinnidh a chur i bhfeidhm ba faoi pháirtí don ghearán nó faoin Aire a bhí sé an Cinneadh a fhorfheidhmiú má bhíodar den tuairim go raibh sé iomchuí an forfheidhmiúchán a éileamh tríd an gCúirt Chuarda ag féachaint do na himthosca uile. Aistríodh chugam an chumhacht Aire sin níos luaithe i mbliana faoi Alt 21 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2009 a leasaíonn Alt 141 (1) d'Acht na bPinsean (arna chur isteach ag Alt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú), 2002 tríd an teideal "an tOmbudsman Pinsean" a chur in áit "an tAire". Chuige sin theastaigh leasú ar Rialacha na Cúirte, rud a rinneadh an 10 Deireadh Fómhair 2010.

Le linn dom an t-athrú a fhógairt nochtaigh mé an tuairim go mbaineann ceist an fhormeidhiúcháin ar an gcéad ásc leis na páirtithe sa ghearán mar ba ghnách riamh roimhe agus nach gcuirfinn mo ladar ann chun an cinneadh a fhorfheidhmiú ach in imtosca neamhghnách. Leag mé critéir amach faoina measfar iarratais ar fhorfheidhmiú agus tomhaisfear gach iarratas de réir na gcritéir sin. Tá na critéir sin ar fáil anois ar shuíomh idirlín an Ombudsman Pinsean ag [www.pensionsombudsman.ie/cms/index.php?q=works/decisions/enforcing](http://www.pensionsombudsman.ie/cms/index.php?q=works/decisions/enforcing).

Ar an drochuair ní mór dom dul i muinín na cúirte i gcásanna áirithe chun gluaiseacht a chur faoi imscrúdúchán na ngearán. Baineann na cásanna sin den chuid is mó leis an earnáil tógála; gearántar nár asbhaineadh na híocaíochtaí sainordaithe nó gur asbhaineadh iad ach nár cuireadh ar aghaidh iad go dtí an scéim pinsin. I roinnt cásanna diúltaíonn an fostóir dul i mbun caidrimh leis an Oifig; is dócha go bhfuil súil leis go n-imeoidh mé liom. Ní tharlóidh sin agus gheobhaidh mé Ordú Cúirte más gá a chuirfidh iachall ar an bhfostóir an doiciméadú nó an fhaisnéis a theastaíonn uaim a thabhairt ar aird.

Is cúis diomú dom i ndiaidh na titime ar líon na gcásanna cúirte i 2009 go bhfuilimid ar ais i 2010 ar leibhéal na bliana 2008 tráth ar tionscnaíodh 16 chás dá leithéid. Ní hamháin go gcuirtear am luachmhar na hOifige amú in imeachtaí dlí dá leithéid ach cuirtear moill ar an imscrúdú agus déantar dochar do chás an ghearánaithe. Ídítear acmhainní airgeadais leo freisin. Cé gur dámhadh costais don Oifig i gcásanna inar ionchúisíodh fostóirí ní hionann na dámhachtainí sin agus an méid a chosnóinn sé iarbhir na hionchúisimh sin a thionscnamh. Foilsím go tráthrialta sonraí na gcásanna sin ar an suíomh idirlín agus anois tá mé ag cur críoch le tábla cuimsitheach de na caingne cúirte uile a raibh baint ag an Oifig leo agus tá súil agam é sin a fhoilsiú ar an suíomh idirlín go gairid.

## ***Meabhráin Tuisceana***

Leagtar amach i Meabhrán Tuisceana a aontaíodh leis an mBord Pinsean na freagrachtaí atá ag an mBord agus ag an Ombudsman Pinsean faoi seach. Tig le foireann an Bhoird úsáid a bhaint as an Meabhrán sin chun a dheimhniú cé acu an dtagann an chúis atá siad ag imscrúdú faoi shainchúram an Ombudsman Pinsean ó cheart nó nach dtagann. Leagtar amach ann freisin na socruithe maidir le comhoibriú agus le malartú faisnéise idir na páirtithe faoi réir teorainneacha reachtúla. Comhlánaíonn sin na meabhráin tuisceana atá ann cheana féin idir an Oifig agus an Rialtóir Airgeadais, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais. Tá sé in am athbhreithniú a dhéanamh anois ar an meabhrán deireadhluaithe ón ngné theicniúil de toisc athruithe ar reachtaíocht Bhainc Cheannais.

Tá Meabhrán Tuisceana ann freisin idir an Oifig agus na Coimisinéirí Ioncaim a thugann éifeacht fhoirmeálta don cheart faisnéis a mhalartú leis an gcomhlacht sin. Tá sé ar intinn agam úsáid a bhaint as an gcumhacht faisnéis a mhalartú leis na Coimisinéirí Ioncaim, go háirithe sa chás go nochtann imscrúduithe na hOifige caimiléireacht maidir leis an bhfaoiseamh cánach a thugtar do scéimeanna pinsin nó aon imghabháil dliteanas cánach a dhéanann duine ar bith atá bainteach le scéimeanna pinsin ceirde.

Tá Meabhrán Tuisceana ann idir an Oifig agus an Ombudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe chomh maith agus baineann sin leis an bplé le gearáin agus le haighnis maidir leis an Scéim Phinsin do na Comhlachtaí Thuaidh-Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Bhí gá leis sin ó tá an scéim bunaithe ó thaobh dlí ar dhá thaobh na Teorann.

## ***Áisiúlacht agus Léire don Phobal***

Déanann an Oifig gach dícheall chun a chinntiú go mbíonn an fáil is fearr is féidir ag gach duine ar na seirbhísí.

Choimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) iniúchadh áisiúlachta ar an bhfoirgneamh i 2006. Nochtaigh an t-iniúchadh go raibh obair athchóirithe de dhíth le go mbeadh foirgneamh na hOifige go hiomlán áisiúil. Tháinig na srianta airgid atá ann faoi láthair i bhfeidhm ansin áfach agus ní bheifear in ann moltaí an iniúchta a chur i bhfeidhm ag an bpointe seo. Leanfar san idirlinn den pholasáí a bhí againn riamh, is é sin casadh le gearánaithe a bhfuil deacracht ar leith acu ó thaobh áisiúlachta de i láthair oiriúnach eile, a theach cónaithe féin san áireamh, más é sin a theastaíonn uathu.

Shuiteáil mé córas Lúb Induchtucháin Iniompartha san Oifig chun cuidiú le daoine a bhfuil drochéisteacht orthu. Cuireadh bogearra i bhfearas ar an suíomh idirlín i 2010 a léifidh an téacs don té a bhíonn ag breathnú air agus ba cheart go gcuideoidh sin leo siúd a bhfuil deacair léimh orthu.

### ***Oiliúint agus Forbairt***

Tá próiseas oiliúna agus forbartha pearsanta ann don fhoireann ar fad agus leanadh leis sin i rith na bliana 2010. Is éard a bhí i gceist leis: oiliúint theicniúil i réimsí a bhaineann le pinsin; teagasc i réimsí éagsúla theicneolaíocht na faisnéise go háirithe i ndáil leis an gCóras Riaracháin Cásanna nua; agus, cúrsaí oiliúna eile a sonraíodh mar chuid de rannpháirteachas gach duine faoi leith sa Chóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta.

### ***Soláthar Foirne***

Is cúis áthais dom a rá nach raibh aon athrú ar sholáthair foirne don Oifig i 2010, rud atá thar bheith tábhachtach i gcomhthéacs scileanna agus eolas corparáideach a choinneáil slán.

## RANNÁN 3

### ACHOIMRE & STAITISTICÍ MAIDIR LE RIAR CÁSANNA 2010

Mar atá ráite i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite a bhuíochas ar an mbogearra nua táimid anois in ann taifead níos cruinne a dhéanamh de líon agus de chineál na gcásanna a chuirtear chuig an Oifig.

Cé go gcuirimid ar taifead go bhfuairéamar fiosruithe ar an nguthán agus le ríomhphost ní choinnítear mórán de na sonraíthe toisc gur féidir iad a fhreagairt agus a réiteach go pras de ghnáth. I gcásanna a mbíonn ar an Oifig dul i ndoimhne na ceiste bailítear níos mó sonraí, cuirtear níos mó faisnéise ar fáil agus scríobhtar miontuairiscí, bíodh imscrúdú, eadráin nó phróiseas foirmeálta cinnidh i gceist leis an obair sin nó ná bíodh. D'fhonn an difríocht idir an dá chineál cáis a shonrú tagrófar as seo amach do na ceanna is simplí mar fhiosruithe/fhiosrúcháin agus do na ceanna mionsonraithe mar ghearáin. In ainneoin go gcuirtear gach uile cás a thagann isteach san áireamh in aon trácht ar obair a bhíonn ar siúl againn is den tábhacht go dtuigfí go bhfuil difríocht idir ualach iomlán na gcásanna agus na cásanna gearáin mionsonraithe a bhfuil miondealú staitistiúil níos iomláine déanta orthu sa tuarascáil bhliantúil.

Tháinig 1312 cás nua chuig an Oifig i 2010, méid mór. Cé gur lú an méid sin ná an méid a tháinig i 2009 tá sé 27% níos mó ná an méid a tháinig i 2008.

Má chuirtear na 398 cás a tugadh ar aghaidh ó 2009 leis an 1,312 cás nua a tháinig i 2010 is é 1,710 an t-áireamh iomlán maidir le hualach cásanna na bliana. Dúnadh an comhad maidir le 1,278 cás i 2010; mar sin tugadh 432 cás gearáin ar aghaidh go dtí 2011.

Leagtar amach i Léiriú 3.1 thíos staid na gcásanna iomlána i 2009 agus i 2010.

#### Léiriú 3.1 - Achoimre le Riar Cásanna

An Bhliain	Cásanna a Tháinig	Tugadh ar aghaidh	Iomlán don bhliain	Cásanna a Dúnadh	Idir lámha ag deireadh na bliana
<b>2009</b>	1766	473	<b>2239</b>	1841	<b>398</b>
<b>2010</b>	1312	398	<b>1710</b>	1278	<b>432</b>

Gné tábhachtach den obair a bhíonn ar siúl againn is ea an t-am a thógann sé chun cásanna a réiteach. I 2010 tugadh 39% de na cásanna uile chun críche laistigh de chúig seachtaine nó níos lú.

De réir na staitisticí osclaíodh roinnt comhad in athuair. B'fhéidir go raibh cuid acu sin ina n-ábhar do thuarascáil nó do threoir a tugadh amach ach gur ardaigh an gearánaí ceist nua nó b'fhéidir nár léir cineál iarbhír an ghearáin ón bhfaisnéis a tugadh dúinn i dtús báire.



## **Anailís ar Chásanna Gearáin a Dúnadh i 2010**

A thúsce atá scrúdú déanta ar ghearán a thagann go dtí an Oifig déantar cineadh maidir le cé acu de na próisis a leanas ba oiriúnaí chun an gearán a réiteach.

- Tuarascáil nó threoir a chur ar fáil maidir le hábhar an aighnis,
- An gearán a chur faoi bhráid Ombudsman nó Gníomhaireachta eile nó a chur in iúl go bhfuil sé taobh amuigh de théarmaí tagartha na hOifige.
- Gealltanais a dhéanamh go ndéanfar eadráin idir na páirtithe,
- Dul i mbun imscrúdú foirmeálta as a dtiocfadh Cinneadh Críochnaitheach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí.

Ní oirfidh gach gearán do na próisis thuasluaite agus tá na gearáin nach n-oirfeadh liostaithe faoi Fáthanna Ilchineálacha le Dúnadh Cáis.

Cásanna gearáin mionsonraithe a bhí i 555 de na 1278 cás a dúnadh i 2010.

Sna míreanna a leanas tráchtar ar na gearáin a dúnadh agus déantar anailís ar na sonraí; i Léiriú 3.2 tá achoimre i bhfoirm tábla de na cásanna gearáin a dúnadh.

### **Léiriú 3.2 - Cásanna Gearáin a Dúnadh i 2010**

<b>An Bhliain</b>	<b>Gearáin nua a Tháinig</b>	<b>Cásanna a Athosclaíodh</b>	<b>Cásanna a Tugadh ar aghaidh</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Gearáin a Dúnadh</b>	<b>Idir lámha ag deireadh na bliana</b>
<b>2009</b>	616	20	473	<b>1109</b>	711	<b>398</b>
<b>2010</b>	558	31	398	<b>987</b>	555	<b>432</b>

### ***Rinneadh Tuarascáil agus Tugadh Treoir***

Ní léir ar an gcéad amharc i gcónaí cé acu atá foras dlisteanach ann do ghearán nó nach bhfuil: - b'fhéidir nach bhfuil fírinne iomlán an ghearáin soiléir; b'fhéidir nach léir cé an té is contrapháirtí don ghearán; nó b'fhéidir nach léir fiú cé acu an mbaineann ábhar an aighnis le sainchúram na hOifige nó nach mbaineann. Dá bhrí sin ní mór scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise a chuirtear isteach a bhíonn sách toirtúil in amanna chun na nithe sin a dheimhniú agus chun cinneadh a dhéanamh faoin gcur chuige is fearr agus faoin modh riartha cáis is fearr maidir le hábhar an aighnis.

B'fhéidir go dtiocfaidh sé chun solais le linn a leithéidí d'imscrúduithe go mbaineann an t-aighneas le cliseadh sa chumarsáid nó le heaspa tuisceana agus gurb shin faoi deara buairt an ghearánaithe.

De réir an taithí atá againn is féidir buairt an ghearánaithe a shuaimhniú agus an cheist a thabhairt chun réitigh gan dul i muinín próiseas foirmeálta imscrúdaithe trí shoiléiriú a sholáthar maidir le hábhar an aighnis, trí theidlíocht an chomhalta a mhíniú nó trí ghnáthamh scéime nó moladh atá á bhreithniú a phlé. Má chuirtear tuarascáil nó treoir ar fáil i gcásanna dá leithéid tógfaidh sé i bhfad níos lú ama gearán a láimhseáil agus réiteach agus déanfar sin ar mhodh neamhfhoirmeálta gan gá do na páirtithe dul in adhairce a chéile.

Thiocfadh go nochtfaí i ndiaidh imscrúdaithe nach bhfuil foras leordhóthanach ann le haghaidh gearáin nó gur ábhar é nach mbaineann le sainchúram na hOifige. Mar shampla cé go mbeadh dealramh an mhíriaracháin follasach, b'fhéidir nach mbeadh sé chomh follas céanna gur cailleadh airgead dá bharr. I gcásanna den tsórt sin cuirimid tuarascáil ar fáil agus tugaimid treoir nó míniú atá sách cuimsitheach chun an t-aighneas a réiteach.

Cé go gcaitear cuid mhaith ama ag soláthar tuarascálacha agus treorach táim den tuairim gur mór is fiú é mar mhodh oibre chun aighnis phinsin a réiteach le nach dtabharfar cead fáis d'fhadhb an chomhalta go mbí sí ina gearán amach is amach.

Dúnadh 555 gearán i rith na bliana 2010; dúnadh 203 nó 37% díobh i ndiaidh scrúdaithe agus i ndiaidh tuarascálacha agus treoir a chur ar fáil. Is céatadán níos airde é sin ná an céatadán i 2009.

### ***Cásanna faoi Eadráin***

Luaigh mé i dtuarascálacha na mblianta roimhe seo gur fearr liom úsáid a bhaint as eadráin chun gearáin a réiteach. De réir an taithí atá againn gabhann níos mó solúbthachta le headráin agus go minic faightear réiteach níos sciobtha agus níos sásúla ná mar a gheofaí trí Chinneadh Chríochnaitheach. I roinnt cásanna faoi eadráin thug soláthraithe deontais bhreise do ghearánaithe dá ndeoin féin mar chúiteamh ar an míchaoithiúlacht agus ar an suaitheadh aigne a ndeachaigh siad tríd. Níl an chumhacht agam a leithéidí de dheontais a dhámhachtain agus is cúis sásaimh dom dá bhrí sin go bhfhaigheann an té a rinne an gearán sochar breise de thoradh phróiseas an eadrána.

Is cúis sásamh dom a thuairisciú gur réitíodh 146 nó 26% den 555 comhad gearáin a dúnadh i 2010 trí eadráin. Bhí an gearánaí sásta leis an réiteach i 103 cás agus níor ghá dul i muinín imscrúdaithe iomláin. Sna 43 cás eadrána eile ní raibh aon mhóráthru ar imthosca an ghearánaithe agus níor réitíodh an aighneas ina fhabhar in ainneoin idirghabháil na hOifige.

Ag féachaint don achar ama a chaitear le próiseáil cháis ó thagann an gearán isteach go dtí go gcuirtear críoch leis is léir gur fearr i bhfad cásanna casta a réiteach trí eadráin in áit a mheas go bhfuil imscrúdú iomlán agus cinneadh dá réir riachtanach.

I 2010 caitheadh 25 seachtaine ar an meán chun réiteach sásúil a fháil trí phróiseas eadrána i gcomparáid leis an 76 seachtaine ar an meán chun réiteach trí Chinneadh Críochnaitheach a eisiúint.

### ***Lasmuigh do mo Théarmaí Tagartha / Cuireadh faoi bhráid Ombudsman nó Gníomhaireacht eile***

Bíonn cuid mhaith de na gearáin a chuirtear chuig an Oifig casta nó ilchineálach. Ní mór mar sin cuid mhaith ama a chaitheamh ag déanamh taighde agus imscrúdaithe chun teacht ar na fíricí ábhartha uile chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an mbaineann gearán le mo shainchúram nó nach mbaineann.

Níor tháinig 76 nó 13.7% de na cásanna gearáin a dúnadh i 2010 faoi scáth mo théarmaí tagartha ar chúiseanna éagsúla. Measadh gur bhain 36 acu sin le sainchúram Ombudsman, Rialtóra nó Gníomhaireacht Stáit eile agus cuireadh faoina mbráid iad mar ba chúí. Bhí an 40 gearán eile taobh amuigh de mo théarmaí tagartha ar chúiseanna éagsúla: bhain cuid acu le pleananna nó le socrúithe pinsin pearsanta nó leithleacha nár tháinig faoi mo dhlínse; cuid acu bhí siad taobh amuigh de na teorainneacha ama reachtúla atá i bhfeidhm san Oifig agus i gcásanna eile níor tharla aon chailteanas airgid.

### ***Cinntí Críochnaitheacha***

Faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean, 1990, (arna leasú) táim údaraithe chun Cinntí Críochnaitheacha atá ceangailteacht ó thaobh dlí a eisiúint maidir le ceisteanna gearáin. As na cásanna gearáin a dúnadh i 2010 eisíodh Cinneadh Críochnaitheach i gcás 74 nó 13% acu. Seasadh leis na gearáin i 27 cás agus níor seasadh sna 47 cás eile.

Léiríonn na staitisticí a choinnímid go mba é 76 seachtaine an mheántréimhse próiseála cáis ó thionscnamh imscrúdaithe fhoirmeálta go heisiúint Cinneadh Críochnaitheach i 2010 i gcomparáid le meántréimhse 90 seachtaine i 2009. Níl ansin ach táscaire ginearálta toisc go mbraitheann an t-achar a chaitear leo ní amháin ar a chasta atá gach cás ach freisin ar chomhoibriú na bpáirtithe uile lena mbaineann chun an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil go tráthúil. Tosca eile a thagann i gceist maidir leis an am a chaitear chun Cinneadh Críochnaitheach a dhéanamh is ea cé acu a bheidh éisteacht ó bhéal de dhíth nó nach mbeidh, cé acu is cuí Tuairim Réamhráiteach a eisiúint nó nach ea, agus go deimhin an riachtanas cinntí a dhréachtú go cúramach ós rud é go mbeidh siad ceangailteacht ó thaobh dlí ar na páirtithe uile agus faoi réir ag cead achomhairc go dtí an Ard-Chúirt amháin.

## ***Cúiseanna Ilghnéitheacha le Críoch Cáis***


I rith na bliana 2010 chuir 37 gearánaí a raibh a gcuid chásanna faoi imscrúdú san Oifig in iúl nár mhian leo leanúint leis an ngearán. Tarlaíonn sin i gcás go gcuirtear in iúl don ghearánaí tar éis réamhscrúdú a dhéanamh go bhfuil seans maith ann nach seasfar leis an ngearán nó go bhfuil an cúiteamh atá an gearánaí ag súil leis níos mó ná an méid atá mé údaraithe a dheonú – faoi Acht na bPinsean cuirtear teorainn le caillteanas sochar scéime “loss of scheme benefit” agus níl sé ceadaithe domsa damáistí nó aon chineál eile cúitimh a gceapann an gearánaí a bheith dlite dó a dhámhachtain.

Go ginearálta ní féidir leis an Oifig imscrúdú a dhéanamh ar ghearán nó ar aighneas go dtí go gcuirtear an cás faoi réir an nós imeachta Réiteach Innheánach ar Aighneas (RIA). Má chuirtear gearán isteach chugamsa nach bhfuil breithnithe ag údaráis na scéime faoi réir an nós imeachta RIA atá acu ní foláir dom an gearánaí a threorú chun dul faoi réir an nós imeachta RIA. Tá eisceachtaí áirithe ann maidir leis an gceangal sin agus tá siadsan foilsithe ar an suíomh idirlín agus sa leabhrán míniúcháin le haghaidh gearánaithe. Tá dlínse teoranta agam freisin chun an ceangal a chur ar leataobh in imthosca áirithe.

I 2010 threoraigh mé 8 gcás dá leithéid chuig RIA. Nuair nach bhfuair mé aon scéala ar ais ó na gearánaí sin, mheas mé go raibh sé réasúnach a thiomhdiú gur réitíodh an cás ar mhodh sásúil tríd an bpróiseas RIA.

Cásanna a dúnadh i ndiaidh imeachtaí dlí a bhain le ceisteanna baic agus forfheidhmithe chur i gcrích a bhí sna 11 chás gearáin ilchineálacha eile a dúnadh.

## **Léiriú 3.3 – Achoimre ar Chásanna Gearáin a Dúnadh i 2010 agus Fáth an Dúnta**




### ***Nóta***

Áirítear ar Chásanna a Dúnadh ar Fháthanna Ilchineálacha cásanna gearáin a dúnadh tar éis imeachtaí dlí maidir le bac agus forfheidhmiú a chur i gcrích.


## Staitisticí Ginearálta

### Léiriú 3.4 – Gearánaí de réir Inscne i 2010




Maidir le cásanna nua a tháinig i 2010 ba fhir a chuir isteach 72% díobh agus ba mhná a chuir isteach 28% díobh. Ba iad 70% agus 30% na figiúirí comhfhreagracha i 2009.

### Léiriú 3.5 – Cásanna Gearáin de réir Cineál Scéime i 2010



Seo miondealú ar chásanna gearáin nua a tháinig i 2010 aicmithe de réir chineál na scéime: scéimeanna pinsin na hEarnála Príobháidí 65%, scéimeanna pinsin na hEarnála Poiblí 29%, Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (CCSPanna) 3% agus cineálacha ilghnéitheacha eile 3%.

### Léiriú 3.6 – Achoimre ar Shreabhadh Oibre 2010



## **RANNÁN 4 - A BHFUIL FOGHLAMTHA AGAINN**

Bhí mé ag iarraidh lón teagaisc a thabhairt ar aghaidh ó na gearáin éagsúla a tháinig chuig an Oifig i rith na bliana mar ba ghnách dom riamh. Cuirfidh mé an tuarascáil seo ar fáil mar sin go mbí sí ina hacmhainn dóibh siúd a bheidh freagrach as riarachán na scéimeanna chun roinnt de na gaistí atá léirithe sna gearáin sin a sheachaint. Lón eolais eile dá leithéid is ea Achoimre na gCásanna a fhoilsítear gach bliain taobh le taobh leis an Tuarascáil Bhliantúil agus leis na Cuntais. Is foinse shuntasach faisnéise freisin torthaí na n-imscrúduithe agus is sna Cinntí foirmeálta a eisítear chuig gearánaithe agus chuig freagróirí atá siadsan le fáil. Is minic a dhéanaim moltaí sna Cinntí sin maidir le conas gníomhú chun nach dtarlódh fadhb áirithe in athuair. Ina theannta sin aon rud a mhúnlódh polasaí pinsin i gcoitinne cuirfear ar aghaidh é chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus chuig an Roinn Airgeadais.

### ***Riarachán Pinsin Seirbhíse Poiblí***

Luaigh mé cheana an míchothromas riaracháin i scéimeanna na hearnála poiblí agus mhol mé go gcuirfí socrú den chineál Seirbhísí Comhroinnte i bhfeidhm chun cruinneas agus comhchuibhneas feabhsaithe sa riarachán a chinntiú. Is cúis áthais dom go bhfuil an Rialtas ag iarraidh an clár oibre um sheirbhísí comhroinnte a bhrú ar aghaidh tríd an gclár um athchóiriú na seirbhísí poiblí.

Tagraím i Rannán 2 do thabhairt isteach scéimeanna luathscoir dreasaithe go háirithe laistigh den earnáil phoiblí agus i FSS i rith na bliana 2010 agus don ollmhéadú dá réir ar ualach oibre na Rannóga Aoisliúntais a bhí faoi ualach iomarcach oibre cheana féin. Dealraíonn sé gur tugadh isteach cuid de na scéimeanna sin gan dóthain smaoinimh a dhéanamh ar na riachtanais loighistiúla agus gan socrúithe oiriúnacha a dhéanamh chun an t-ualach breise oibre a chuir siad ar na Rannóga Aoisliúntais a riar. An rud is mó is cúis buartha áfach is ea an iarmhairt chun donais a thuairiscítear go raibh ag an breis oibre sin ar riarachán rialta na scéimeanna - ar a n-áirítear fadhbanna agus moill á gcur ar chomhaltaí a raibh an ghnáthaois scoir sroichte acu agus a bhí ag iarraidh íocaíochtaí sochair scoir. Chuir sé faoi deara go riabh scéimeanna pinsin ag sárú na reachtaíochta vis-à-vis an fhreagracht atá orthu a chinntiú go bhfuil comhaltaí ag fáil na sochar ceart ag an am dlite, ach amach ó sin uile measaim go bhfuil sé míshásúil agus neamhchaoithiúil a bheith ag caitheamh le fostaithe fad seirbhíse atá ar tí scoir ar an dóigh sin.

De bharr na breise oibre agus brú a cuireadh ar na Rannóga Aoisliúntais níorbh fhéidir moill agus botúin a sheachaint agus bhain go leor de na cásanna a tháinig chuig an Oifig leo sin. Ba mhaith liom obair chrua agus tiomantas na foirne i Rannóga Aoisliúntais éagsúla na hearnála poiblí agus an comhoibriú agus an cúnamh a thug siad don Oifig maidir le réiteach a fháil ar ghearáin a admháil anseo. Tuigim do na himthosca agus tuigim gur cuireadh ualach ollmhór breise oibre anuas orthu agus spriocanna ama an-teoranta ag gabháil leis go minic agus nach raibh struchtúr tacaíochta dóthanach curtha ar fáil dóibh.

Tá mé den tuairim go gcaithfidh an Lucht Bainistíochta in údaráis na hearnála poiblí i bhfad níos mó aird a thabhairt agus i bhfad níos mó machnaimh a dhéanamh ar conas is fearr an t-iarratas, an ceadú agus an cur i bhfeidhm a bhainistiú i ndáil le haon chlár luathscoir amach anseo.

Tá fadhbanna ag teacht chun cinn i gcónaí i ndáil le Scéimeanna na mBaintreach agus na nDílleachtaí/na gCéilí agus na Leanaí san earnáil poiblí. Bhain cuid acu sin a cuireadh faoi mo bhráid i 2010 le riaráistí maidir le seirbhís san am atá caite a bhí iníoctha faoi na scéimeanna sin agus ní dhearnadh soiléir don fhoireann nó ní raibh a fhios acu fiú go dtí an dáta scoir go raibh aon cheangal orthu na riaráistí sin a íoc agus baineadh airgead dá n-aiscí scoir ag an am sin.

I gcás go bhfuil fostaí sa tseirbhís poiblí faoi cheangal nó ceadaithe creidmheas a urrú maidir le seirbhís san am atá caite bíonn sé/sí faoi dhliteanas de ghnáth riaráistí a íoc faoi Scéim na mBaintreach agus na nDílleachtaí/na gCéilí agus na Leanaí agus faoin bPríomhscéim Aoisliúntais. Cé gur pléadh, gur aontaíodh agus gur cuireadh i bhfeidhm na roghanna íocaíochta chun riaráistí ranníocaíochta a tháinig chun cinn faoin Scéim Aoisliúntais a ghlanadh, dealraíonn sé gur beag aire a tugadh go stairiúil do ghlanadh riaráistí iníoctha faoi Scéim na mBaintreach agus na nDílleachtaí/na gCéilí agus na Leanaí. Níl ann ach buile faoi thuairim ach déarfainn gurbh é an fáth leis sin gur shíl riarthóirí na scéime go mbeadh sé inghlactha agus gurbh bhfearrde na fostaithe é dá ndéantaí na riaráistí a ghlanadh ag ráta níos lú trí airgead a bhaint as a n-aistí scoir.

Dealraíonn sé in go leor cásanna nár cuireadh in iúl do na comhaltaí go raibh siad faoi dhliteanas sraith riaráistí faoi leith a íoc faoi Scéim na gCéilí agus na Leanaí agus dá thoradh sin tháinig sé aniar aduaidh orthu nuair a baineadh an t-airgead as an aisce scoir. Ní féidir liom an ceangal atá ar an chomhalta riaráistí na ranníocaíochta a íoc a chur i leataobh ach is féidir liom iniúchadh a dhéanamh féachaint ar íoc siad níos mó de bharr na hasbhainte ón aisce ná mar ba chás dá gcuirte in iúl dóibh ar mhodh cuí go raibh modhanna malartacha ar fáil dóibh chun riaráiste a ghlanadh. Tagann an cineál sin faidhbe anuas de bharr droch-chumarsáide agus daoine ag cloí ar mhodh sclábhánta le cleachtais sheanbhunaithe. Go bunúsach ní mór a rá le comhaltaí cad iad na roghanna atá acu agus a ligean dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu díobh is fearr dóibh.

Is ó earnáil na múinteoireachta agus ón earnáil sláinte is mó a thagann na cásanna a chuirtear faoi bhráid na hOifige agus bhíodh tréimhsí fostaíochta páirtaimseartha agus sealadacha, nach raibh inphinsin go stairiúil ach atá anois, coitianta sna hearnálacha sin. Bhí mé i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus leis na húdaráis FSS á spreagadh chun (i) fostaithe ar fónamh a cheannaigh iarsheirbhís a chur ar an eolas go bhfuil dliteanas orthu riaráistí Scéim na mBaintreach agus na nDílleachtaí/na gCéilí agus na Leanaí a íoc agus (ii) mionsonraí a thabhairt dóibh maidir leis na roghanna ar chóir a bheith tugtha dóibh an tráth a ceannaíodh an t-iarsheirbhís.



Dá ndéanfaí sin bheadh na comhaltaí ar an eolas agus chinnteofaí laghdú amach anseo ar na gearáin a bhaineann le glanadh riaráistí ranníocaíocht faoi Scéim na mBaintreach agus na nDílleachtaí/na gCéilí agus na Leanaí.

### ***Nós imeachta maidir le Réiteach Inmheánach ar Aighnis (RIA)***

Is cúis áthais dom a bheith in ann a thuairisciú go bhfuil laghdú ar líon na ngearán a cuireadh isteach agus ar líon na gcásanna ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí araon a cuireadh faoi bhráid na hOifige, inar luadh fadhbanna le cur i gcrích RIA.

Is éard atá i gceist leis an nós imeachta RIA seastán a chur ar fáil do chomhaltaí scéime pinsin chun a gcuid fadhbanna a chur faoi bhráid na n-údarás atá go díreach bainteach leis an scéim – is iadsan an páirtí is fearr suite chun aghaidh a thabhairt ar an gceist, chun í a bhreithniú agus chun í a réiteach.

Murar féidir é sin a dhéanamh agus má chuirtear an gearán ar aghaidh chuig an Oifig seo beidh na cinntí a rinneadh tríd an nós imeachta RIA tábhachtach mar phointe tosaigh maidir le haon imscrúdú nua a dhéanfar.

Is mór is fiú é freisin i gcásanna a bhaineann leis an earnáil phoiblí chun gnéithe cleachtais nó rialúcháin doiléire ar féidir nach bhfuil siad follasach ar an gcéad amharc a thabhairt i ngrinneas.

Más mall atáthar ag cur an nós imeachta i gcrích áfach ní fearrde dá barr coincheap an cheartais, níl cothrom na Féinne á thabhairt do dhaoine go háirithe dóibh siúd atá ag gearán faoi mhoill maidir le híocaíochtaí sochair nó le soláthar faisnéise agus tá seans maith ann go dtabharfaí cor chun donais don chaidreamh idir an comhalta agus riarthóirí/iontaobhaithe na scéime pinsin/an fostóir ar féidir go bhfuil sé dona go leor cheana féin.

### ***Fáil ar Chomhaltas i Scéime/Ranníocaíochtaí gan bheith Curtha ar aghaidh***

Faighim gearáin ar bhonn leanúnach ó oibreoírí sa tionscal tógála maidir le cosc ar ligean isteach daoine chuig Scéim Pinsin na nOibreoírí Tógála (SPOT) agus maidir le neamhíoc ranníocaíochtaí dá gcuid faoin Scéim. Tháinig 50% níos mó gearán dá leithéid i 2010 ná mar a tháinig i 2009. Níl aon amhras ach go bhfuil tionchar ag an gcúlú eacnamúil atá ann faoi láthair agus go háirithe ag an gcaoi atá sé ag dul i bhfeidhm ar earnáil na tógála ar an méadú mór ar na gearáin a chuirtear isteach chuig an Oifig. Ní fhaightear scéala faoi cuid mhaith de na gearáin sin go dtí go mbíonn cuideachta imithe as gnó nó faoi leachtú cheana féin, agus is rud é sin a ghníomhaíonn i gcoinne an ghearánaí agus a dhéanann níos deacra fós réiteach a fháil ar ghearáin dá leithéid.

Ba mhaith liom an comhoibriú agus an chabhair a fuair mé ó Scéim Pinsin na nOibreoirí Tógála, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, agus ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le láimhseáil na ngearán sin a admháil. Is oth liom a rá nach i gcónaí a bhím in ann brath ar an gcabhair agus ar an gcomhoibriú céanna ó na fostóirí.

Cuirtear moill agus bac ar an Oifig i gcónaí sa chás go n-iarrtar ar fhostóirí agus ar a gcuid chomhairleoirí gairmiúla ar féidir go bhfuil taifid fostaíochta agus taifid ábhartha eile ina seilbh acu sonraí agus doiciméadú a thabhairt ar aird.

Tá sé d'údarás agam ionchúisimh choiriúla a thionscnamh i gcoinne daoine ar bith a chuireann moill nó bac ar imscrúduithe, agus caingean chúirte a thionscnamh sa Chúirt Chuarda chun an t-éileamh ar fhaisnéis a fhorghníomhú. Cé gur ídiú ama atá in imeachtaí dlíthiúla dá leithéid agus cé go gcuireann siad moill mhór ar phróiseas an imscrúdaithe ba rómhinic a bhí orm iad a thionscnamh i 2010. Is gnáthchleachtas agam sonraí cásanna dá leithéid a fhoilsiú ar an suíomh idirlín agus tugtar faoi deara gur éirigh leis an Oifig costais a ghnóthachtáil i ngach ceann de na caingne cúirte a bhí orainn a thionscnamh go n-uige seo.

### ***Infheistíocht***

Tá cúrsaí infheistíochta ag croílár go leor de na cásanna a chuirtear faoi mo bhráid. Thrácht mé cheana ar dhualgas na n-iontaobhaithe féachaint chuige go n-infheisteofar acmhainní scéime ar mhodh cuí agus a n-oibleagáidí i leith comhaltaí scéime sa réimse sin a ghlacadh go dáiríre. Tá ceangal ar iontaobhaithe scéimeanna ranníoca sainithe faoi Acht na bPinsean féachaint chuig cineál agus chuig ré na ndliteanas “nature and duration” i gcás infheistíochta.

Ag an am céanna ní féidir le comhaltaí bheith ag súil leis go mbeidh iontaobhaithe in ann a riachtanais a mheas roimh ré agus tá dualgas orthu dul i dtaithe ar chineál na hinfeistíochta pinsin atá acu maille lena ról agus a n-oibleagáidí féin i leith na hinfeistíochta.

Is minic mé ag cloisteáil líomhaintí maidir le cailteanas airgid a tabhaíodh toisc go raibh iontaobhaithe nó riarthóirí scéime faillíoch i mbun gníomhaíochta. Tá go leor comhaltaí a shíleann go bhfuil duine éigean eile freagrach as cinntí infheistíochta a dhéanamh nuair is fúthu féin i ndáiríre atá sé iad a dhéanamh. Is léir ó na gearáin a thagann nach bhfuil sé follasach do chuimse chomhaltaí scéime cén chaoi ná cá háit a n-infheistítear airgead an chiste phinsin acu ná cén fhreagracht atá orthu féin maidir le hinfeistíocht an airgid sin. Tá sé den riachtanas go dtuigfeadh na comhaltaí cén cineál sócmhainní atá sa chiste pinsin acu agus go gcuirfeadh siad teagasc ar na hiontaobhaithe dá réir más mian leo an bunús nó an saintréith a bhaineann leo a athrú. Ní faoi dhuine éigean eile atá sé cinntí dá leithéid a dhéanamh – go ginearálta is ag an comhalta atá an cumas agus an fhreagracht as cinntí infheistíochta a dhéanamh.

Is amhlaidh go mbíonn infheistíocht déanta ag go leor comhaltaí scéimeanna ranníoca sainithe i roghanna infheistíochta réamhshocraithe – cúis amháin leis sin is ea nach síleann siad go bhfuil siad in inmhe rogha infheistíochta a dhéanamh dá stuaim féin agus cúis eile is ea gur chlis orthu an deis a thapú rogha a dhéanamh. B'fhéidir nach n-oireann roghanna réamhshocraithe a rinne iontaobhaithe na blianta fada ó shin níos mó don té atá ag druidim i dtreo na haoise scoir. Ba cheart do chomhaltaí aire mhaith a thabhairt dá ráitis sochair ina liostaítear na cistí ina bhfuil siad infheistithe; ba cheart dóibh breis fiosruithe a chur chuig na hiontaobhaithe nó chuig na soláthraithe agus ba cheart dóibh a gceart aistriú go cistí infheistíochta eile a fheidhmiú má shíleann siad é bheith cuí.

Is gné amháin agus gné aisfhillteach de na gearáin ceist an dí-infheistithe agus a tráthúlacht. Gearánann na comhaltaí nár aistrigh na hiontaobhaithe a gcuid mhaoine go hairgead tirim nuair a shroich siad aois an phinsin, gur fhan an t-airgead in fheithicil infheistíochta a riaradh ar bhun gníomhach agus dá thoradh sin gur chaill sé a luach an tráth a bhí an titim sa mhargadh agus le linn dóibh fanacht ar riarachán a gcuid sochar. Déantar gearáin cosúil leis sin i gcoinne iontaobhaithe atá freagrach as scéimeanna pinsin a fhoirceannadh.

Cé nach bhfuil súil leis go mbeadh iontaobhaithe in ann gluaiseacht sa mhargadh infheistíochta a thuar nó in ann a bheith feasach roimh ré faoi thitim sa mhargadh, is den tábhacht go mbeadh polasaí comhsheasmhach acu maidir le dí-infheistíocht.

Más dí-infheistiú ag am aibíochta (nó ag dáta an fhoirceanta) atá sa pholasaí sin ba chóir go gcuirfeadh siad sin in iúl do na comhaltaí. Má tá sé de pholasaí acu gan dí-infheistiú a dhéanamh ní mór dóibh é sin a chur in iúl do na comhaltaí - agus é a fhágáil faoi na comhaltaí teagasc a thabhairt dóibh. Is den tábhacht go ndéanfadh na hiontaobhaithe an measúnú dlite ar cheist na dí-infheistíochta agus go n-inseodh siad do chomhaltaí na scéime cén seasamh atá acu maidir léi. Ní bhfaighfear locht ar iontaobhaithe as cinneadh a dhéanamh le hintinn mhaith. Cuirfear an fhreagracht orthu áfach má chliseann orthu an cheist a mheasúnú.

### ***Lón Teagaisc ó na Gearáin***

Is trí lón teagaisc a bhaint as botúin is fearr a sheachnaítear an t-athdhéanamh agus is toradh tábhachtach sin ar réiteach aighnis. Sin fáth amháin go bhfoilsím Achoimre na gCásanna gach bliain in éindí leis an Tuarascáil Bhliantúil. Cuirim faisnéis ar ais chuig lucht déanta polasaí agus rialaitheoirí freisin i gcás go gcruthaíonn dearadh scéimeanna nó táirgí deacrachtaí do chomhaltaí agus do dhaoine nach iad.

## RANNÁN 5 – CONCLÚIDÍ

Dá n-iarraí mo thuairim orm faoin mbunús atá le formhór na ngearán agus na bhfiosruithe a thagann go dtí an Oifig níos mhór dom fadhbanna cumarsáide agus na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann le socrú pinsin ar bith a lua.

Glacaim leis go bhfuil cúrsaí pinsin ina ábhar casta agus nach raibh dea-scéala ar bith le tuairisciú dá gcomhaltaí ag go leor scéimeanna pinsin le deireanas. Ach ní cúiseanna leordhóthanacha iadsan chun fanacht ó chumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le comhaltaí nó chun foclaíocht na cumarsáide a dhéantar a bheith níos deacra ná mar is gá. Cuireann gníomhaíocht dá leithéid leis an mbuairt a bhíonn ar go leor comhaltaí cheana féin maidir lena sochair phinsin – go háirithe má tá luach na sochar sin tite nó má tá an scéim acu easnamhach, nó ar tí a bheith foirceanta nó athraithe.

Tá an chuid is mó de chomhaltaí scéime pinsin i dteideal de réir dlí a iarraidh go dtabharfaí faisnéis áirithe dóibh maidir leis an scéim nó go nochtfaí dóibh a dteidlíocht ar shochar ar bhonn tráthrialta. De ghnáth comhlíonann na scéimeanna na ceangail maidir le nochtadh trí Ráiteas Sochair Bliantúil a chur ar fáil do chomhaltaí. Tá an cuma ar an scéal áfach gur mó atáthar ag iarraidh a chinntiú go bhfuil na ceangail maidir le nochtadh á gcomhlíonadh i bhformáid an Ráitis agus dá réir go bhfuil tic curtha sna boscaí cuí uile mar a déarfá, ná go bhfuiltear ag cur a theidlíocht faoin scéim in iúl go héifeachtúil don chomhalta. D'iarrfainn ar Iontaobhaithe agus orthu siúd atá freagrach as scéimeanna pinsin a riar athbhreithniú a dhéanamh ar na meáin a mbaineann siad úsáid astu chun chumarsáid a dhéanamh lena gcomhaltaí agus an chumarsáid sin a dhéanamh chomh héifeachtúil, chomh soiléir agus chomh intuigthe agus is féidir. Ba chóir go bhfoilseofaí sonraí teagmhála údarás na scéime do na comhaltaí le go mbeadh deis acu teacht chomh fada leo chun fadhbanna pinsin agus buarthaí a bheadh orthu a ardú agus a phlé.

Tháinig go leor fiosruithe ó fhostaithe sa tseirbhís phoiblí i 2010 inar chuir siad a gcuid buarthaí in iúl maidir le tabhairt isteach an tobhach pinsin mar a ghlaitear air, maidir le laghduithe a forchuireadh ar thuarastal agus maidir le laghduithe pinsin atáthar a mholadh. Tháinig fiosruithe eile isteach freisin maidir le téarmaí na scéimeanna luathscoir dreasaithe éagsúla sa tseirbhís phoiblí, scéimeanna a bunaíodh i 2010. Cé nár bhain sé le mo chúram den chuid is mó na hábhair sin a bhreithniú ba léir gur chúis buartha do na comhaltaí lena mbaineann na cheisteanna a ardaíodh agus shíl mé go raibh oibleagáid orm cabhair a thabhairt dóibh trí rudaí a shoiléiriú agus a mhíniú. Ón méid mór fiosruithe a tháinig isteach maidir leis na ceisteanna sin shílfeá nach raibh na hathruithe agus na moltaí éagsúla á gcur in iúl do na comhaltaí ar mhodh chomh soiléir agus ba chóir agus go raibh sé ag dul rite orthu dul i dteagmháil go díreach leis na Rannóga Aoisliúntais agus Pearsanra chun a gcuid fiosruithe a dhéanamh agus a gcuid bhuarthaí a chur in iúl. Glacaim leis go raibh ualach róthrom ar na Rannóga Aoisliúntais agus Pearsanra mar gheall ar na scéimeanna luathscoir agus nach raibh sé éasca teacht i dteagmháil leo dá bharr. In ainneoin sin tá na comhaltaí i dteideal dóthain fasnéise a fháil maidir lena sochair faoin scéim pinsin chun a bheith in inmhe cinneadh feasach a dhéanamh maidir le luathscoir, dá mbeadh an rogha sin ann.

Sula gcuirfidh siad cláir luathscoir ar bun amach anseo mholfainn d'údaráis na hearnála poiblí soláthar cumarsáide agus faisnéise níos fearr a dhéanamh maidir le lucht luathscoir ionchasach.

Na príomhfhreagrachtaí atá ag Iontaobhaithe agus ag údaráis scéime maidir lena scéimeanna pinsin is ea soláthar cuí a dhéanamh d'infheistíocht sócmhainní, a chinntiú go n-íocfar na ranníocaíochtaí cearta leis an scéim, comhairle a thabhairt do chomhaltaí maidir leis an scéim agus lena dteidlíochtaí faoin scéim agus a chinntiú go n-íoctar na teidlíochtaí ag an am atá dlite.

